Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Feabhra 2026
(OR. en, lt, hu)

5970/26
ADD 1 REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0344 (COD)**

CODEC 156
ENV 89
CLIMA 45
AGRI 87
FORETS 15
ENER 46
TRANS 45

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce, Treoir 2006/118/CE maidir le screamhuisce a chosaint ar thruailliú agus ar mheathlú agus Treoir 2008/105/CE maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil i réimse an bheartais uisce<br>– Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle<br>= Ráitis |

**D'iarr an Laitvia go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

**Tacaíonn** an Laitvia **leis an téacs comhréitigh chríochnaithigh** le haghaidh Treoir maidir le substaintí tosaíochta lena leasaítear an Treoir Réime maidir le hUisce, an Treoir maidir le Screamhuisce agus an Treoir maidir le Caighdeáin Cáilíochta Comhshaoil.

Is chun leas na Laitvia é **uisce dromchla agus screamhuisce a choimirciú** ar thionchar substaintí ceimiceacha agus micreathruailleán eile, agus **measúnú á dhéanamh** ag an am céanna **ar cháilíocht cheimiceach an uisce** de réir chaighdeáin chomhchuibhithe an Aontais maidir le cáilíocht an chomhshaoil. Le linn na caibidlíochta, chuir an Laitvia in iúl go seasta go dtacaíonn sí le ceanglais na dtrí threoir sin a thabhairt cothrom le dáta agus ghlac sí páirt ar bhealach cuiditheach agus comhoibritheach.

Ag an am céanna, aithnímid go m**beidh trasuí agus cur chun feidhme** na leasuithe atá beartaithe **casta** agus go g**cuirfidh siad ualaí suntasacha airgeadais agus riaracháin** ar na Ballstáit.

**Is cúis imní** don Laitvia **i gcónaí scála agus costas ionchasach an fhaireacháin**. Ní bhraitear a lán substaintí tosaíochta a luaitear sa Treoir maidir le caighdeáin cáilíochta comhshaoil inár n-uiscí trí úsáid a bhaint as modhanna tástála a chomhlíonann na caighdeáin cháilíochta is gá, ach tá sé fós d'oibleagáid faoin Treoir faireachán rialta a dhéanamh ar na substaintí sin.

Measann an Laitvia nach bhfuil údar le **lotnaidicídí DDT, para-para DDT agus cioglaidéine a áireamh** ar an liosta substaintí tosaíochta, toisc go **méadaítear ar na hoibleagáidí faireacháin gan tairbhí comhfhreagracha comhshaoil**. Tá toirmeasc ar úsáid na substaintí sin le fada an lá, agus leis an athrú stádais atá beartaithe bheadh gá le sampláil agus tástáil i bhfad níos minice, rud a mhéadódh na costais a mheasaimid a bheith díréireach. Creidimid go bhféadfaí na substaintí sin atá ábhartha i mBallstáit áirithe a ainmniú, ina ionad sin, mar thruailleáin a bhaineann go sonrach le habhantracha atá faoi réir caighdeáin cáilíochta comhshaoil ar leibhéal an Aontais.

**D'iarr an Liotuáin go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Tacaíonn an Liotuáin leis an téacs comhréitigh chríochnaithigh maidir le substaintí tocsaineacha i réimse an bheartais uisce agus is díol sásaimh di na cuspóirí ann cáilíocht an uisce agus cosaint an chomhshaoil a neartú.

Mar sin féin, cé go n-aithnímid a thábhachtaí atá sé na caighdeáin faireacháin a thabhairt cothrom le dáta agus iad a ailíniú leis an dul chun cinn eolaíoch, tugaimid dá n-aire go mbeadh gá le hiarrachtaí suntasacha airgeadais agus riaracháin chun iad a chur chun feidhme.

**D'iarr an Ungáir go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na huachtaránachtaí a ghlac páirt sa chaibidlíocht as a n-iarrachtaí agus as an obair chrua a rinne siad chun teacht ar chomhaontú. Aontaímid, ar an mórgóir, le cuspóirí an phacáiste reachtaigh feabhas a chur ar cháilíocht an uisce agus tacaímid leis an téacs comhréitigh.

Mar sin féin, ba mhaith linn a mheabhrú gur chuireamar in iúl arís agus arís eile le linn na caibidlíochta go mba cúis imní dúinn na hacmhainní airgeadais agus daonna ba ghá chun é a chur chun feidhme, agus, dá bhrí sin, is mian linn a athdhearbhú a thábhachtaí atá sé an tSaoráid Chomhfhaireacháin a bhunú gan mhoill. Creideann an Ungáir nach féidir na rialacha nua a chur chun feidhme go rathúil ach amháin má tá an tSaoráid Chomhfhaireacháin ar fáil chun tacú leis na Ballstáit lena n-iarrachtaí cur chun feidhme.